



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

An Ardteistiméireacht Fheidhmeach 2021

Treoir do Scoileanna Maidir
le Marcanna Céatadáin
Measta a sholáthar

Aibreán 2021

Clár na nÁbhar

1. Réamhrá	4
2. Ról na Scoile	6
3. Cur i gcrích sásúil na modúl.....	7
4. An marc céatadán measta	8
4.1 Déileáil leis na coigeartuithe ar na socruithe measúnaithe i dtaca le ATF 2021	9
4.1.1 Tascanna	9
4.1.2 Na scrúduithe scríofa	9
5. Tascanna - Bliain 1 agus Bliain 2 5.1 ATF Bliain 1 (Seisiún 1 agus Seisiún 2)	11
5.2 ATF Bliain 2 (Seisiún 3 agus Seisiún 4)	12
6. Ábhair	13
6.1 Teangacha Bliain 1 agus Bliain 2	13
(Gaeilge Chumarsáideach, Nuatheangacha Eorpacha agus Teanga Chomharthaíochta)	13
Tábla 3: Eolas maidir le Teangacha Bhliain 1 agus Bliain 2.....	14
6.2 Ábhair eile Bliain 2 amháin	14
7. Sainchúrsaí Gairme Bliain 2 amháin	16
Tábla 5: Eolas maidir le Sainchúrsaí Gairme i mBliain 2.....	16
8. Ailíniú ionscoile agus taisceadh na meastachán deiridh.....	18
Aguisín a hAon: Tascanna.....	19
Aguisín a Dó: Teangacha.....	20
Aguisín a Trí: Ábhair	21
Aguisín a Ceathair: Sainchúrsaí Gairme	22
Aguisín a Cúig: Forléargas ar Phróiseas Meastacháin na Scoile	23
Foirm A.....	24
Foirm B.....	27

Ar fud na Treorach seo, cuimsíonn an téarma “scoil”: scoil nó ionad oideachais aitheanta, atá aitheanta ag an Aire Oideachais faoi fhorálacha an Achta Oideachais, 1998, agus ionad atá aitheanta ag CSS le haghaidh scrúduithe.

Baineann an Treoir seo le múinteoirí, príomhoidí agus príomhoidí tánaisteacha (nó le postanna comhionanna) i scoileanna, in Ionaid Breisoideachais agus Oiliúna, agus i ngach suíomh eile ina bhfuil scoláirí iontráilte ar an Ardeistiméireacht Fheidhmeach 2021.

NB: D'fhéadfadh athrú teacht ar shonraí na socruithe agus na bpróiseas a bhfuil breac-chuntas orthu sa Treoir seo ar chúiseanna teicniúla, polasaí nó ar chúiseanna iomchuí eile. Is ar an léitheoir atá an fhreagracht a chinntiú go bhfuil an leagan is déanaí den Treoir aige/aici agus beidh an leagan sin ar fáil ar www.gov.ie

Eolas Breise

Beidh an t-eolas is déanaí maidir le scrúduithe na hArdteistiméireachta agus próiseas na nGrád Creidiúnaithe ar fáil ar bhonn leanúnach ar www.gov.ie/ga/foilsiuhan/ardteistimeireacht-2021/

Tacóidh an Roinn Oideachais le ceannairí scoile, múinteoirí agus pearsanra scoile eile, teagascóirí, tuismitheoirí agus scoláirí trí sheirbhís líne teileafóin tiomnaithe a sholáthar le haghaidh fiosruithe ar an bpróiseas Grád Creidiúnaithe 2021.

Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Roinn faoi na cúrsaí seo trí ghlaoch a chur ar Líne Chabhrach na Roinne ag 057 932 4461 (agus glac le rogha 2). Oscrófar an líne ón Luan 26 Aibreán 2021 agus beidh sí ar siúl ó Luan go hAoine, 10.00 go 17.00.

Más fearr leat, is féidir fiosruithe a sheoladh mar ríomhphost chuig LCinfo@education.gov.ie

1. Réamhrá

Chaill scoláirí agus foghlaimoirí roinnt mhaith teagaisc agus foghlama aghaidh ar aghaidh sna chéad mhíonna de 2021 agus ag deireadh scoilbhliain 2019/2020, de bharr COVID-19. Dá bharr sin, cuireadh ar bun córas Gráid Chreidiúnaithe chomh maith leis na gnáth-scrúduithe (lena n-áirítear, más cuí, na comhpháirteanna measúnaithe breise a bhaineann leo) le haghaidh scoláirí reatha na hArdteistiméireachta Feidhmí.

Tá an próiseas a bhaineann le teacht ar an marc céatadán measta don Ardteistiméireacht Fheidhmeach agus don Ardteistiméireacht mórán mar an gcéanna in 2021. Sula gcuirfear tús leis an bpróiseas meastacháin tá sé riachtanach go mbeadh na daoine go léir a bhfuil baint acu leis an bpróiseas meastacháin do ATF feasach ar an eolas a thugtar in *Gráid Chreidiúnaithe don Ardteistiméireacht in 2021, Treoir do Scoileanna maidir le Marcanna Céatadán Measta a Sholáthar*. Tugtar eolas breise sna doiciméid seo a leanas maidir le ATF in 2021 agus ba cheart an t-eolas sin a bhreithniú sula gcuirfear tús leis an bpróiseas meastacháin:

- *Treoir maidir leis na Scrúduithe Stáit agus Gráid Chreidiúnaithe don Ardteistiméireacht in 2021* ar fáil [anseo](#).
- *Scrúduithe Stáit agus Gráid Chreidiúnaithe - Socruithe do Scrúdú na hArdteistiméireachta Feidhmí 2021* ar fáil [anseo](#).
- *An Ardteistiméireacht Fheidhmeach (ATF) Comhairle do bhainistíocht agus do mhúinteoirí ATF 2020/21 i Scoileanna Dara Leibhéal agus in Ionaid don Oideachas* ar fáil [anseo](#).

Tá sé mar chuspóir ag an doiciméad seo achoimre a thabhairt ar chomhpháirteanna measúnaithe éagsúla do scoláirí i mBliain 1 agus i mBliain 2 de ATF nach mór marc céatadán measta a thaisceadh ina leith. Tá sé an-tábhachtach a thabhairt faoi deara, beag beann ar an gcinneadh a dhéanfaidh scoláire ar leith i ndeireadh na dála a gcuid Tascanna, a gcuid ábhar agus a Sainchúrsaí Gairme go léir a dhéanamh nó gan ceann ar bith acu a dhéanamh, agus beag beann ar an rogha a rinne siad grád creidiúnaithe a fháil nó gan a fháil, **nach mór** marc céatadán measta a ghiniúint do na Tascanna, na hábhair agus na Sainchúrsaí Gairme go léir do gach scoláire ar leith.

Scoláirí ATF i mBliain 2

I gcás scoláirí i mBliain 2, iarrtar ar scoileanna marcanna céatadán measta a sholáthar do na measúnuithe a críochnaíodh ag deireadh Bhliain 2 agus do thascanna a críochnaíodh ag deireadh Sheisiúin 3 agus 4.

Scoláirí ATF i mBliain 2

Chomh maith leis sin, ní mór do scoileanna marcanna céatadán measta a sholáthar do scoláirí i mBliain 1 i leith tascanna a críochnaíodh ag deireadh Sheisiún 1 agus 2 don Ghaeilge Chumarsáideach nó do na Nuatheangacha Eorpacha ag brath ar a bhfuil críochnaithe ag scoláirí i mBliain 1.

Clárú ar an Tairseach Féinseirbhíse Iarrthóra (CSSP)

Ag an bpointe seo, tá scoláirí i mBliain 2 tar éis clárú ar an CSSP chun glacadh leis an rogha Grád Chreidiúnaithe a fháil, scrúduithe a dhéanamh, nó an dá cheann ar leibhéal cláir. Tabharfar deis eile dóibh é sin a dhéanamh nuair a osclófar an CSSP arís ón 27 Aibreán go dtí an 30 Aibreán. Nuair a osclófar an tairseach arís, beidh orthu a gcuid roghanna a léiriú maidir le gach ceann de na hábhair agus de na Tascanna a bhfuil siad iontráilte ina leith maidir lena rogha Grád Chreidiúnaithe a fháil nó an scrúdú a dhéanamh nó an dá cheann.

I gcás scoláirí i mBliain 1, rachaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) i gcomhairle go díreach leis an gcomhordaitheoir ATF i ngach scoil chun deimhniú a fháil ar roghanna na scoláirí maidir le Grád Chreidiúnaithe a fháil nó an scrúdú a dhéanamh nó an dá cheann. Soláthróidh CSS liosta de na hábhair agus de na Tascanna a bhfuil gach scoláire i mBliain 1 iontráilte orthu do na scoileanna agus beidh ar an gComhordaitheoir ATF a dheimhniú le gach scoláire an mian leis/léi glacadh le rogha na nGrád Chreidiúnaithe, na scrúduithe nó an dá cheann ar bhonn ábhair agus Taisc. Cuirfear an t-eolas sin ar aghaidh chuig CSS ina dhiaidh sin. Beidh tuilleadh eolais ag teacht ó CSS ina leith sin.

Comhordaitheoir ATF

Toisc go dtugann an comhordaitheoir ATF tacaíocht agus treoir i dtaca le próiseas na nGrád Chreidiúnaithe 2021 a phleanáil agus a eagrú sa scoil, tá seacht lá breise do Chúntóir na hArdeistiméireachta curtha ar fáil do scoileanna chun an obair seo a éascú. Baineann an leithdháileadh breise seo leis an réimse gníomhaíochtaí faoina dtabharfaidh an comhordaitheoir ATF, lena n-áireofar, in 2021, na béaltrialacha ATF a phleanáil agus a eagrú agus tacú le gach céim de phróiseas na nGrád Chreidiúnaithe don ATF. Tabharfaidh siad faoi shonraí breise a bhailiú maidir le roghanna scoláirí ATF i mBliain 1 agus tacóidh siad le scolairí ATF i mBliain 2 a bheidh ag plé tuilleadh leis an Tairseach Féinseirbhíse Iarrthóra (CSSP).

2. Ról na Scoile

I gcomhthéacs an phróisis scoilbhunaithe, ba cheart na socruithe seo a leanas a chur i bhfeidhm chun teacht ar mharc céatadáin measta aonair do gach scoláire in ATF.

(a) Is é an ról atá ag an múinteoir ATF:

- **meastachán aonair ar an marc céatadáin** i ngach ábhar/Tasc/Sainchúrsa Gairme arb é an marc é is dóichí a bheadh le fáil ag gach iarrthóir dá ndéanfadh sé/sí scrúduithe na hArdteistiméireachta Feidhmí in 2021 (agus na hathruithe ar na scrúduithe in 2021 á léiriú agus feidhmíocht dhóchúil na scoláirí i ngach comhpháirt den scrúdú á gcur san áireamh – amhail obair chúrsa, béaltrialacha, scrúduithe praiticiúla, trialacha feidhmíochta etc.)
- a chinntiú nach bhfuil aon bheirt scoláirí sa rang céanna á gcur ar an marc céatadáin measta céanna. Féadfaidh suas le dhá ionad de dheachúlacha a bheith san áireamh sna marcanna céatadáin i.e. 83.22%, 83.35%, etc.
- páirt a ghlacadh i bpróiseas ailínithe ábhair
- Foirmeacha A agus B a thabhairt chun críche agus a chomhlánú i ndiaidh an chruinnithe (na gcruinnithe) ailínithe ábhair

(b) Is é an ról atá ag an **gcomhordaitheoir ATF**:

- Tacú le múinteoirí ATF chun ullmhú do na próisis mheastacháin agus ailínithe d'ábhair, do Shainchúrsaí Gairme agus do thascanna a bhaineann le ATF
- An próiseas ailínithe d'ábhair, do Shainchúrsaí Gairme agus do thascanna ATF a chomhordú agus páirt a ghlacadh ann más gá
- Seachadadh marcanna céatadáin measta ATF a chomhordú lena maoirsiú ag príomhoide na scoile
- Más gá, an próiseas ailínithe a thabhairt le chéile arís má chuireann an príomhoide na marcanna céatadáin measta ar ais chun tuilleadh breithnithe a dhéanamh orthu, bunaithe ar fhoras sonraithe amháin nó níos mó.

(c) Is é ról an **phríomhoide**:

- dul i gcomhairle le comhordaitheoir ATF chun na tacair sonraí ábhartha a sholáthar do mhúinteoirí ATF atá rannpháirteach i bpróiseas an ngrád creidiúnaithe
- maoirseacht a sholáthar ar phróiseas na nGrád Creidiúnaithe don ATF
- le cúnamh ó Chúntóir na hArdteistiméireachta/ ón gComhordaitheoir ATF, an tacar sonraí atá curtha i gcrích a chur ar aghaidh, tráth nach déanaí ná an **Déardaoin 3 Meitheamh 2021**.

3. Cur i gcrích sásúil na modúl

Ní bheidh na creidiúintí as ucht na modúil a chur i gcrích go sásúil mar chuid ar bith de phróiseas na nGrád Creidiúnaithe. Tá na creidiúintí sin le cur ar aghaidh chuig CSS mar is gnách trí thairseach ATF agus na gnáthshocruithe á leanúint. Féadfar an chreidiúint as ucht an modúl sin a chur i gcrích go sásúil a bhronnadh ar gach scoláire, ar an gcoinníoll go bhfuil an scoil sásta go raibh an scoláire rannpháirteach go fiúntach sa mhodúl lena mbaineann. Ní gá go mbeadh an leibhéal rannpháirtíochta ach ar an leibhéal a léireodh go bhfuil seans réasúnta ann go gcríochnódh an scoláire an modúl, agus sochar an amhrais atá réasúnach á thabhairt don scoláire.

Tá sé fíorthábhachtach go leanfadh scoláirí de bheith rannpháirteach i gclár ATF fiú murar roghnaigh siad ach amháin Grád Chreidiúnaithe agus nach mbeidh na scrúduithe á ndéanamh acu. Cuireann rannpháirtíocht leanúnach scoláirí san fhoghlaim agus críochnú tascanna tábhachtacha fianaise ar fhoghlaim agus ar ghnóthachtáil ar fáil agus cabhróidh sé sin le múinteoirí i bpróiseas meastachán na nGrád Creidiúnaithe i gcomhair comhpháirteanna scrúdaithe ATF.

4. An marc céatadán measta

Iarrtar ar mhúinteoirí an meastachán is fearr is féidir a thabhairt ar fheidhmíocht dhóchúil gach scoláire maidir lena c(h)uid Tascanna, ábhar agus Sainchúrsaí Gairme, agus aon choigeartuithe ar na measúnuithe a cuireadh i bhfeidhm do 2021 á gcur san áireamh agus bunaithe ar an leibhéal gnóthachtála a bhí á léiriú ag an scoláire sin.

I gcás ATF, áiríonn na coigeartuithe ar na scrúduithe gné an agallaimh den Tasc a chur ar ceal agus scálú faoi fhachtóir 1-25 ag an ngrádú i gcás scrúduithe scríofa ATF. Is féidir féachaint ar na hathruithe seo mar athruithe ina léirítear agus ina n-aithnítear an cur isteach a rinneadh ar ghnáthphatrúin teagaisc agus foghlama agus gur cailleadh cuid den am foghlama dá bharr sin, agus ag an am céanna aithnítear go ndearna múinteoirí iarrachtaí an-suntasacha leanúnachas san fhoghlaim a sholáthar le teagasc ó chian. Dá bharr sin, ba cheart go mbeadh an meastachán ar an mbealach a bhfeidhmeodh scoláirí sna scrúduithe coigeartaithe seo, i bhfianaise a gcuid leibhéal inniúlachta faoi láthair, ar aon dul leis an mbealach a bhfeidhmeoidís sna scrúduithe neamhchoigeartaithe dá mba rud é nár chuir COVID-19 as dá gcuid foghlama.

I gcás na n-ábhar a bhfuil breis agus comhpháirt amháin iontu, mar shampla béaltriall, triail feidhmíochta praiticiúla nó obair chúrsa, níor cheart go mbeadh an fhianaise a bhreithnítear i dtaca leis na comhpháirteanna breise bunaithe ar chomhpháirteanna scrúdaithe atá curtha i gcrích nó curtha i gcrích go páirteach agus orthu sin amháin ach ba cheart go léireoidís freisin an fhorbairt a rinneadh ar scileanna agus ar eolas gaolmhar thar dhá bhliain an chláir.

Tugtar eolas cuimsithe ar an bpróiseas a bhaineann le teacht ar an marc céatadán measta in *Grád Creidiúnaithe don Ardeistiméireacht in 2021, Treoir do Scoileanna maidir le Marcanna Céatadán Measta a Sholáthar*. I gcás ATF, cé go bhfuil marc céatadán measta á sholáthar ag scoileanna, déanfar iad siad a thiontú ina leithdháileadh creidiúintí cuí in am trátha. Nuair atá ualú á thabhairt don fhianaise i gcás na n-ábhar agus na Sainchúrsaí Gairme ina bhfuil breis agus comhpháirt amháin, ní mór a gnáthualaú do Scrúdú na hArdeistiméireachta Feidhmí a thabhairt do gach comhpháirt. I gcás na n-ábhar sin agus i gcás Sainchúrsaí Gairme, tá marc céatadán measta foriomlán aonair ag teastáil don ábhar agus don Sainchúrsa Gairme ina iomláine ina gcuimsítear comhpháirteanna uile an scrúdaithe - agus ní marc ar leith do gach comhpháirt. Soláthraítear sonraí maidir leis an ualú do chomhpháirteanna den chineál sin sa doiciméad seo.

Ina theannta sin, chun cuidiú leis an bpróiseas meastacháin, tugtar eolas maidir le líon na gcreidiúintí atá ag gabháil le gach Tasc, ábhar agus Sainchúrsa Gairme chomh maith le cur síos ar an ngné den mheasúnú ar cheart í a bhreithniú nuair atáthar ag teacht ar mharc céatadán measta agus an réimse de mharcanna céatadán a bhaineann le gach ceann de na creidiúintí.

Cé go n-éilítear marc céatadán measta a thaisceadh i bpróiseas na nGrád Creidiúnaithe, d'fhéadfadh sé go mbeadh níos mó taithí agat ar chreidiúintí a úsáid nuair atá feidhmíocht scoláire ATF á grádú. Cuireadh roinnt táblaí grádaithe le chéile chun cuidiú le próiseas na nGrád Creidiúnaithe do 2021 ina leagtar amach an réimse de mharcanna céatadán measta a bhaineann le gach ceann de na creidiúintí do na Tascanna, na hábhair agus na Sainchúrsaí

Gairme. [Tá sé tábhachtach a lua nach iad sin na táblaí céanna a úsáideann CSS de ghnáth chun grádú a dhéanamh, de bhrí nach ndéantar scrúduithe a mharcáil as 100 de ghnáth agus úsáideann CSS táblaí grádaithe a bhaineann leis na marcanna loma sin seachas táblaí a bhaineann le céatadáin.

4.1 Déileáil leis na coigeartuithe ar na socruithe measúnaithe i dtaca le ATF 2021

4.1.1 Tascanna

I gcás na dTascanna do ATF 2021, cuireadh gné an agallaimh ar ceal de bharr riachtanais sláinte poiblí. Bronnfar 10 marc ar scoláirí in ionad ghné an mheasúnaithe a bhaineann leis an agallamh agus leis an gcumarsáid ó bhéal (seachas Tasc an Mhachnaimh Phearsanta). I gcás Thasc na Saincheisteanna Reatha, bronnfar 18 marc ar gach scoláire ATF i mBliain 2 in ionad ghné an agallaimh, na cumarsáide ó bhéal agus an chuir i láthair. Féach mír 4 chun tuilleadh eolais a fháil. Ba cheart duit na coigeartuithe sin a chur san áireamh trí na marcanna sin a chuimsiú i do chuid meastachán.

Tá sé tábhachtach a thabhairt chun cuimhne nach bhfuil ar scoláirí i mBliain 2 ach dhá thasc a chur i gcrích i Seisiún 3 in 2021. Tá orthu an Tasc Gnóthachtála Praiteiciúla a chur i gcrích agus an Tasc Gairmoideachais nó Tasc na Saincheisteanna Reatha.

4.1.2 Na scrúduithe scríofa

Is é an socrú a leagadh amach do scoláirí na hArdteistiméireachta Feidhmí in *Socruithe Measúnachta do na Scrúduithe Teastais 2021* ná nach ndéanfaí aon choigeartú ar na scrúdpháipéir dheireanacha, ach go gcuirfí scálú, faoi fhachtóir 1.15 i bhfeidhm ar an marc a bhronnfaí ina ionad sin. Mar chuid de na coigeartuithe breise ar na socruithe measúnaithe a foilsíodh i mí an Mhárta (*Coigeartuithe breise ar na scrúduithe scríofa, an Ardteistiméireacht, 2021*) méadaíodh an fachtóir scálaithe go dtí 1.25.

Scálú á chur i bhfeidhm

I gcás na scrúduithe scríofa, nuair atáthar ag teacht ar mharc céatadáin measta, ní mór an coigeartú sin a chur san áireamh. Mar shampla, má théann scoláire ar aghaidh agus an scrúdú a dhéanamh agus má ghnóthaíonn sé/sí 120 marc as 200 marc, déanfar an marc a scálú ansin faoi 1.25 ionas gurb ionann agus 150 marc as iomlán de 200 an marc a bhronnfar (120×1.25). Mar sin, ba cheart duit an cur chuige céanna a ghlacadh agus do chuid meastachán á ndéanamh agat.

D'fhéadfadh sé gurbh fhearr leat smaoineamh air i dtéarmaí céatadáin. Is é sin le rá, má tá 60% á bhronnadh agat ar scoláire don scrúdú scríofa ní mór é sin a scálú faoi 1.25 ionas gurb ionann agus 75% (60×1.25) an marc céatadáin a bhronnfar i ndeireadh na dála.

Cuirfear an scálú i bhfeidhm suas go dtí an marc iomlán don scrúdú agus déanfar é a theorannú ag an iomlán sin.

Tá sé fíorthábhachtach nach ndéanfaí dearmad ar an gcoigeartú sin do ATF 2021 nuair atáthar ag teacht ar mharc céatadán measta. I gcás na n-ábhar a bhfuil comhpháirteanna iomadúla iontu, amhail béaltrialacha agus obair chúrsa phraiticiúil, ní chuirfear an scálú i bhfeidhm ach amháin ar ghné an scrúduithe scríofa den mharc deiridh.

Cur chuige amháin i leith meastacháin a bhféadfaí leas a bhaint as

Céim 1: Má cheapann tú go mbeadh sé ródheacair na comhpháirteanna scríofa agus neamhscríofa a bhreithniú astu féin go hiomlán, cur chuige amháin a bhféadfaí leas a bhaint as chun teacht ar mharc céatadán measta i gcás na n-ábhar a bhfuil comhpháirt scríofa agus comhpháirt phraiticiúil ag baint leo is ea smaoineamh i dtús báire ar an marc céatadán measta a bhfuil tú ag súil go mbainfidh an scoláire amach sa scrúdpháipéar scríofa.

Céim 2: Ba cheart duit ansin an fachtóir scálaithe a chur i bhfeidhm ar an marc (nó ar an gcéatadán) sin agus é á mhéadú faoi 1.25 agat.

Céim 3: Tar éis duit machnamh a dhéanamh ar fheidhmíocht agus ar ghnóthachtáil an scoláire i dtaca le comhpháirt na hoibre cúrsa praiticiúla agus ualú na comhpháirte i gcomparáid leis an scrúdú scríofa á chur san áireamh agat, d'fhéadfaí ansin breithniú a dhéanamh ar an tionchar a bheadh ag an marc do chomhpháirt na hoibre cúrsa praiticiúla a chomhcheangal leis an marc atá agat don scrúdú scríofa. An mbeadh an marc comhcheangailte níos airde agus dá mbeadh cé mhéad níos airde a bheadh sé? An mbeadh sé níos ísle agus dá mbeadh cé mhéad níos ísle a bheadh sé? An mbeadh sé mar an gcéanna? Cabhróidh sé sin leat chun teacht ar mharc céatadán measta aonair do na comhpháirteanna comhcheangailte.

Faoi mar a léiríodh níos luaithe, meastar go ndéanann tionchar na gcoigeartuithe a rinneadh – lena n-áirítear an scálú – léiriú cuí ar leibhéal an tionchair a bhí ag an gcur as do fhoghlaim. Dá réir sin, ba cheart go mbeadh an meastachán ar an mbealach a bhfeidhmeodh scoláirí sna scrúduithe coigeartaithe seo, i bhfianaise a gcuid leibhéal inniúlachta faoi láthair, ar aon dul leis an mbealach a bhfeidhmeoidís ar na scrúdpháipéir neamhchoigeartaithe dá mba rud é nár chuir paindéim COVID-19 as dá gcuid foghlama.

Dá bhrí sin, cur chuige malartach is ea breithniú a dhéanamh ar an gcaoi a bhfeidhmeodh na scoláirí sa ghnáthscrúdú (gan an scálú) i ngnáthbhliain nuair nach ndearnadh aon chur isteach ar an bhfoghlaim. Féadfaidh tú an breathnú sin a úsáid mar bhealach malartach chun meastachán a ghiniúint ar an gcéad dul síos, nó mar bhealach chun 'seiceáil céille' a dhéanamh ar do chuid meastachán.

5. Tascanna - Bliain 1 agus Bliain 2

5.1 ATF Bliain 1 (Seisiún 1 agus Seisiún 2)

Tá marc céatadáin measta de dhíth do scoláirí i mBliain 1 maidir le tascanna san Oideachas Ginearálta (Seisiún 1) agus san Ullmhúchán Gairme, sa Ghairmoideachas agus sa Ráiteas Machnaimh Phearsanta 1 (Seisiún 2).

Agus tú ag teacht ar an marc céatadáin measta, ba cheart duit machnamh ar cháilíocht obair an scoláire, cáilíocht a c(h)uid rannpháirtíochta sa Tasc agus a leibhéal feidhmíochta thar thréimhse an chláir.

I dTábla 1, leagtar amach líon na gcreidiúintí atá ar fáil do gach ceann de na Tascanna agus cad ba cheart a chur san áireamh sa mharc céatadáin measta. I gcás na dTascanna sin, seachas an Tasc Machnaimh Phearsanta (nach mbíonn agallamh ann riamh dó mar chuid den mheasúnú), tabhair do d'aire, le do thoil, nach gcuirfear scoláirí faoi agallamh mar chuid den mheasúnú, mar gheall ar riachtanais sláinte poiblí. Ina ionad sin, bronnfar 10 marc ar gach scoláire in ionad an agallaimh mar choigeartú do 2021.

In Aguisín a hAon, leagtar amach réimse na marcanna céatadáin a bhaineann le gach ceann de na creidiúintí do na Tascanna.

Tábla 1: Eolas maidir le Tasc Bhliain 1

Tasc	Líon na gcreidiúintí	San áireamh sa mharc measta beidh:
Oideachas Ginearálta	10	Punann agus déantán nuair is cuí. Áirigh na 10 marc atá le bronnadh ar gach duine in ionad ghné an agallaimh den mheasúnú.
Ullmhúchán Gairme	10	Punann. Áirigh na 10 marc atá le bronnadh ar gach duine in ionad ghné an agallaimh den mheasúnú.
Gairmoideachas	10	Punann agus déantán nuair is cuí. Áirigh na 10 marc atá le bronnadh ar gach duine in ionad ghné an agallaimh den mheasúnú.
Machnamh Pearsanta	10	Punann (níl aon agallamh sa mheasúnú seo)

5.2 ATF Bliain 2 (Seisiún 3 agus Seisiún 4)

Ba cheart marc céatadáin measta a sholáthar i gcás na scoláirí go léir i mBliain 2 don Tasc Gnóthachtála Praiticiúla (Seisiún 3) agus don Tasc Machnaimh Phearsanta (Seisiún 4). In 2021, bhí sé de rogha ag scoláirí i Seisiún 3 Tasc na Saincheisteanna Reatha a chur i gcrích nó sin an Tasc Gairmoideachais. Ba cheart marc céatadáin measta a sholáthar do cibé ceann a roghnaigh an scoláire a dhéanamh. Agus tú ag teacht ar an marc céatadáin measta, ba cheart duit machnamh ar cháilíocht obair an scoláire, cáilíocht a c(h)uid rannpháirtíochta sa Tasc agus a leibhéal feidhmíochta thar thréimhse an chláir.

I dTábla 2, leagtar amach líon na gcreidiúintí atá ar fáil do gach ceann de na Tascanna agus cad ba cheart a chur san áireamh sa mharc céatadáin measta. I gcás na dTascanna sin, seachas an Tasc Machnaimh Phearsanta (nach mbíonn agallamh ann riamh dó mar chuid den mheasúnú), tabhair do d'aire, le do thoil, nach gcuirfear scoláirí faoi agallamh mar chuid den mheasúnú, mar gheall ar riachtanais sláinte poiblí. Ina ionad sin, bronnfar 20 marc ar na scoláirí go léir in ionad an agallaimh i gcás an Ghairmoideachais agus i gcás na dTascanna Gnóthachtála Pearsanta agus 18 marc in ionad an agallaimh agus an chuir i láthair i gcás Thasc na Saincheisteanna Reatha, mar choigeartú do 2021.

An Tasc Machnaimh Phearsanta: Tabhair do d'aire, le do thoil, go ndéanfar an marc creidiúnaithe a bhronnfar ar scoláirí Bhliain 2 don tasc seo (Ráiteas 2) a chomhcheangal leis an marc ríofa don Mhachnamh Pearsanta Ráiteas 1, atá ag CSS cheana féin. In [Aguisín a haon](#), leagtar amach réimse na marcanna céatadáin a bhaineann le gach ceann de na creidiúintí do na Tascanna.

Tábla 2: Eolas maidir le Tasc Bhliain 2

Tasc	Líon na gcreidiúintí	San áireamh sa mharc measta beidh:
Gnóthachtáil Phraiticiúil	10	Punann Áirigh na 10 marc atá le bronnadh ar gach duine in ionad ghné an agallaimh den mheasúnú.
Saincheisteanna Reatha	10	Punann Áirigh na 18 marc atá le bronnadh ar gach duine in ionad ghnéithe an agallaimh agus an chuir i láthair den mheasúnú.
Gairmoideachas	10	Punann agus déantán nuair is cuí. Áirigh na 10 marc atá le bronnadh ar gach duine in ionad ghné an agallaimh den mheasúnú.
Machnamh Pearsanta	10	Punann (níl aon agallamh sa mheasúnú seo)

6. Ábhair

6.1 Teangacha Bliain 1 agus Bliain 2

(Gaeilge Chumarsáideach, Nuatheangacha Eorpacha agus Teanga Chomharthaíochta)

Go hiondúil, déanann scoláirí staidéar ar an nGaeilge Chumarsáideach i mbliain amháin den chlár agus ar a Nuatheanga Eorpach sa bhliain eile. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh scoláirí i mBliain 1 agus i mBliain 2 nach mór marc céatadán measta a thaisceadh ina leith do na hábhair sin.

Ní mór marc céatadán measta comhcheangailte aonair a sholáthar don Ghaeilge Chumarsáideach agus do na Nuatheangacha Eorpacha araon don bhéaltrial agus don scrúdú scríofa.

Agus tú ag teacht ar an marc céatadán measta, ba cheart duit machnamh ar cháilíocht obair an scoláire, cáilíocht a c(h)uid rannpháirtíochta san ábhar. agus a leibhéal feidhmíochta thar thréimhse an chlár.

I gcás chomhpháirt an scrúdaithe scríofa, áirigh an scálú faoi fhachtóir 1.25 atá le cur i bhfeidhm ar an marc deiridh a bhronntar ar na scoláirí go léir mar chuid de na coigeartuithe a rinneadh ar na scrúduithe do 2021 agus a ndearnadh cur síos orthu roimhe seo.

Tá marc céatadán measta aonair de dhíth freisin i gcás scoláirí a bhfuil teanga chomharthaíochta á déanamh acu. Áirigh, le do thoil an scálú faoi fhachtóir 1.25 atá le cur i bhfeidhm ar an marc deiridh a bhronntar ar na scoláirí go léir mar chuid de na coigeartuithe a rinneadh ar na scrúduithe do 2021 agus a ndearnadh cur síos orthu roimhe seo.

I dTábla 3, tugtar líon na gcreidiúintí a bhronntar i leith gach teanga, na comhpháirteanna nach mór a bhreithniú chun teacht ar mharc céatadán measta agus ualú an mheasúnaithe deiridh a shanntar do gach comhpháirt.

In [Aguisín a dó](#), leagtar amach réimse na marcanna céatadán a bhaineann le gach ceann de na creidiúintí do na hábhair theanga seo.

TÁBLA 3: EOLAS MAIDIR LE TEANGACHA BHLIAIN 1 AGUS BLIAIN 2

Teanga	Líon na gcreidiúintí	San áireamh sa mharc mheasta beidh:
Gaeilge Chumarsáideach	6	Béaltriail (40%) Scrúdú scríofa (60%)
Fraincis	6	Béaltriail (35%) Scrúdú scríofa (65%)
Gearmáinis	6	Béaltriail (35%) Scrúdú scríofa (65%)
Spáinnis	6	Béaltriail (35%) Scrúdú scríofa (65%)
Iodáilis	6	Béaltriail (35%) Scrúdú scríofa (65%)
Teanga Chomharthaíochta	12	Scrúdú deiridh (100%)

6.2 Ábhair eile Bliain 2 amháin

Ba cheart marc céatadán measta a sholáthar do na scoláirí go léir maidir le hOideachas Sóisialta, Feidhmeanna Matamaiticiúla agus Béarla agus Cumarsáid. Is scrúduithe scríofa amháin iad Oideachas Sóisialta agus Feidhmeanna Matamaiticiúla agus dá bhrí sin ba cheart go mbeadh an marc céatadán measta bunaithe ar an scrúdú agus air sin amháin.

Maidir le Béarla agus Cumarsáid, tá gá le marc céatadán measta comhcheangailte aonair don bhéaltriail agus don scrúdú scríofa.

I dTábla 4, tugtar líon na gcreidiúintí a bhronntar i leith gach ábhair, na comhpháirteanna nach mór a bhreithniú chun teacht ar mharc céatadán measta agus ualú an mheasúnaithe deiridh a shanntar do gach comhpháirt.

Agus tú ag teacht ar an marc céatadán measta, ba cheart duit machnamh ar cháilíocht obair an scoláire, cáilíocht a c(h)uid rannpháirtíochta san ábhar agus a leibhéal feidhmíochta thar thréimhse an chláir.

I gcás chomhpháirt an scrúdaithe scríofa, áirigh an scálú faoi fhachtóir 1.25 atá le cur i bhfeidhm ar an marc deiridh a bhronntar ar na scoláirí go léir mar chuid de na coigeartuithe a rinneadh ar na scrúduithe do 2021 agus a ndearnadh cur síos orthu roimhe seo.

In [Aguisín a trí](#), leagtar amach réimse na marcanna céatadáin a bhaineann le gach ceann de na creidiúintí do na hábhair seo.

Tábla 4: Eolas maidir le hÁbhair Bhliain 2

Ábhair	Líon na gcreidiúintí	San áireamh sa mharc mheasta beidh:
Oideachas Sóisialta	10	Scrúdú scríofa (100%)
Feidhmeanna Matamaiticiúla	10	Scrúdú scríofa (100%)
Béarla agus Cumarsáid	12	Béaltriail (33%) Scrúdú scríofa (67%)

7. Sainchúrsaí Gairme Bliain 2 amháin

Ní mór do scoláirí staidéar a dhéanamh ar dhá shainchúrsa gairme. Ba cheart marc measta a sholáthar do gach ceann de na sainchúrsaí a roghnaigh an scoláire a dhéanamh. Tá scrúdú scríofa agus comhpháirt eile (tionscadal nó triail feidhmíochta praiticiúla nó obair chúrsa phraiticiúil) i gceist leis an measúnú deiridh ar Shainchúrsaí Gairme. Ba cheart marc céatadán measta aonair a sholáthar do na comhpháirteanna go léir le chéile. Nuair atáthar ag teacht ar an marc measta, ba cheart don mhúinteoir machnamh ar cháilíocht obair an scoláire, cáilíocht a c(h)uid rannpháirtíochta sa sainchúrsa agus san obair chúrsa agus a leibhéal feidhmíochta thar thréimhse an chlár.

I gcás chomhpháirt an scrúdaithe scríofa, áirigh an scálú faoi fhachtóir 1 25 atá le cur i bhfeidhm ar an marc deiridh a bhronntar ar na scoláirí go léir mar chuid de na coigeartuithe a rinneadh ar na scrúduithe do 2021 agus a ndearnadh cur síos orthu roimhe seo.

I dTábla 5, tugtar líon na gcreidiúintí a bhronntar i leith gach Sainchúrsa Gairme, na comhpháirteanna nach mór a bhreithniú chun teacht ar mharc céatadán measta agus ualú an mheasúnaithe deiridh a shanntar do gach comhpháirt.

In [Aguisín a ceathair](#), leagtar amach réimse na marcanna céatadán a bhaineann le gach ceann de na creidiúintí do na Sainchúrsaí Gairme seo.

TÁBLA 5: EOLAS MAIDIR LE SAINCHÚRSAÍ GAIRME I MBLIAIN 2

Sainchúrsaí Gairme	Líon na gcreidiúintí	San áireamh sa mharc mheasta beidh:
Teicneolaíocht Faisnéise agus Chumarsáide	12	Scrúdú deiridh (100%) (scrúdú praiticiúil agus scrúdú scríofa le chéile)*
Cúram Leanaí/Cúram Pobail	12	Obair chúrsa, agallamh san áireamh (40%) Scrúdú scríofa (60%)
Innealtóireacht	12	Obair chúrsa, agallamh san áireamh (40%) Scrúdú scríofa (60%)
Teicneolaíocht	12	Obair chúrsa, agallamh san áireamh (40%) Scrúdú scríofa (60%)
Grafaic agus Foirgníocht	12	Obair chúrsa, agallamh san áireamh (40%)

		Scrúdú scríofa (60%)
Ceardaíocht agus Dearadh	12	Obair chúrsa (60%) Scrúdú scríofa (40%)
Fóillíocht Ghníomhach	12	Triail phraiticiúil (40%) Scrúdú scríofa (60%)
Gruaig agus Áilleacht	12	Triail phraiticiúil (40%) Scrúdú scríofa (60%)
Óstán, Lónadóireacht agus Turasóireacht	12	Triail phraiticiúil (50%) Scrúdú scríofa (50%)
Riarachán Oifige agus Cúram Custaiméirí	12	Triail phraiticiúil (40%) Scrúdú scríofa (60%)
Talmhaíocht/Gairneoireacht	12	Triail phraiticiúil (40%) Scrúdú scríofa (60%)

* I gcás shainchúrsa TFC, de bharr chineál comhtháite an scrúdaithe, ní dhéanfar na gnéithe praiticiúla agus na gnéithe teoiriciúla a dheighilt chun go gcaithfí leo mar ghnéithe ar leith. Cuirfear an fachtóir scálaithe 1.25 i bhfeidhm ar an marc iomlán don scrúdú deiridh.

8. Ailíniú ionscoile agus taisceadh na meastachán deiridh

Tá sonraí iomlána maidir leis an bpróiseas ailínithe ionscoile leagtha amach in *Gráid Chreidiúnaithe don Ardteistiméireacht in 2021, Treoir do Scoileanna maidir le Marcanna Céatadáin Measta a Sholáthar*. Faoi mar a luadh, de bharr chineál traschuraclaim chlár ATF, d'fhéadfadh sé go mbeadh difríocht bheag sa chur chuige maidir leis an bpróiseas ailínithe ionscoile i gcomparáid leis an Ardteistiméireacht Bhunaithe i dtaca leis an bpearsanra a bheadh bainteach leis an bpróiseas ailínithe. Mar sin féin, tá sé tábhachtach go mbeadh siad siúd go léir a bhfuil baint acu leis an bpróiseas seo feasach ar an eolas a thugtar sa *Treoir do Scoileanna maidir le Marcanna Céatadáin Measta a Sholáthar*.

Eiseofar mionsonraí maidir leis na marcanna céatadáin measta deiridh a chur ar aghaidh in am trátha.

Aguisín a hAon: Tascanna

Bliain 1: Oideachas Ginearálta, Gairmoideachas, Ullmhúchán Gairme, Machnamh Pearsanta (Ráiteas a haon)

Bliain 2: Gnóthachtáil Phraiticiúil, Saincheisteanna Reatha, Gairmoideachas, Machnamh Pearsanta (Ráiteas a dó)

Grád/Creidiúintí	Marcanna ó	Marcanna go dtí
10	92	100
9	84	91
8	76	83
7	68	75
6	60	67
5	52	59
4	44	51
3	36	43
2	28	35
1	20	27
0	0	19

[Táblaí grádaithe le húsáid i bpróiseas na nGrad Creidiúnaithe amháin]

Aguisín a Dó: Teangacha

Gaeilge Chumarsáideach, Fraincis, Gearmáinis, Spáinnis, Iodáilis

Grád/Creidiúintí	Marcanna ó	Marcanna go dtí
6	85	100
5	70	84
4	55	69
3	40	54
2	25	39
1	10	24
0	0	9

[Táblaí grádaithe le húsáid i bpróiseas na nGrad Creidiúnaithe amháin]

Teanga Chomharthaíochta

Grád/Creidiúintí	Marcanna ó	Marcanna go dtí
12	85	100
11	78	84
10	71	77
9	64	70
8	57	63
7	50	56
6	43	49
5	36	42
4	29	35
3	22	28
2	15	21
1	8	14
0	0	7

[Táblaí grádaithe le húsáid i bpróiseas na nGrad Creidiúnaithe amháin]

Aguisín a Trí: Ábhair

Béarla agus Cumarsáid

Grád/Creidiúintí	Marcanna ó	Marcanna go dtí
12	90	100
11	82	89
10	75	81
9	67	74
8	60	66
7	52	59
6	45	51
5	37	44
4	30	36
3	22	29
2	15	21
1	7	14
0	0	6

[Táblaí grádaithe le húsáid i bpróiseas na nGrad Creidiúnaithe amháin]

Oideachas Sóisialta agus Feidhmeanna Matamaiticiúla

Grád/Creidiúintí	Marcanna ó	Marcanna go dtí
10	90	100
9	81	89
8	72	80
7	63	71
6	54	62
5	45	53
4	36	44
3	27	35
2	18	26
1	9	17
0	0	8

Aguisín a Ceathair: Sainchúrsaí Gairme

Teicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide
 Cúram Leanaí/Cúram Pobail
 Innealtóireacht
 Teicneolaíocht
 Grafaic agus Foirgníocht
 Ceardaíocht agus Dearadh
 Fóillíocht Ghníomhach
 Gruaig agus Áilleacht
 Óstán, Lónadóireacht agus Turasóireacht
 Riaracháin Oifige agus Cúram Pobail
 Talmhaíocht/Gairneoireacht

Grád/Creidiúintí	Marcanna ó	Marcanna go dtí
12	85	100
11	78	84
10	71	77
9	64	70
8	57	63
7	50	56
6	43	49
5	36	42
4	29	35
3	22	28
2	15	21
1	8	14
0	0	7

[Táblaí grádaithe le húsáid i bpróiseas na nGrad Creidiúnaithe amháin]

Aguisín a Cúig: Forléargas ar Phróiseas Meastacháin na Scoile

Forléargas ar an bPróiseas Scoilmheasta maidir leis na Gráid Chreidiúnaithe don Ardeistiméireacht in 2021

Doiciméid

Ba cheart go gcuirfeadh múinteoirí eolas ar na teoracha éagsúla a bhaineann le próiseas na nGrád Creidiúnaithe cuí atá ar fáil ar gov.ie

Meastachán an Mhúinteora

Úsáideann múinteoirí a mbreithiúnas gairmiúil - baineann siad leas as taifid atá ann cheana féin agus as fianaise atá ar fáil.

Comhlánú na bhFoirmeacha

Comhlánaíonn múinteoirí Foirm A do gach scoláire agus Foirm B do gach rang-ghrúpa. Cuireann an Príomhoide a (h)ainm le marcanna céatadáin measta na Scoile.

14 Bealtaine 2021

Má tá triail a dhear an múinteoir á reáchtáil sa rang, níor cheart go mairfeadh an triail níos faide ná ceacht amháin (uair an chloig ar a mhéad) agus féadfar trí cinn de thrialacha ranga ar a mhéad a reáchtáil suas go dtí an 14 Bealtaine 2021

14 Bealtaine go dtí an 28 Bealtaine 2021

Déanfar Céim a haon den phróiseas ailínithe ábhair a reáchtáil le linn na tréimhse seo. Le linn na céime seo, féadfaidh na múinteoirí ullmhú do na cruinnithe ailínithe ábhair astu féin, agus féadfaidh siad tús a chur leis an bpróiseas ailínithe ábhair gan cur isteach ar am teagaisc.

31 Bealtaine go dtí an 3 Meitheamh 2021

Déanfar Céim a dó den phróiseas ailínithe ábhair a reáchtáil le linn na seachtaine dar tús an 31 Bealtaine 2021. Ón 31 Bealtaine go dtí an 3 Meitheamh, tabharfaidh scoileanna an próiseas ailínithe chun críche agus ullmhóidh siad na marcanna céatadáin le cur ar aghaidh tríd an aip gréasánbhunaithe faoin 3 Meitheamh.

Foirm A

An Ardteistiméireacht in 2021 – Marc céatadáin measta

Léigh an dá dhoiciméad *Treoir maidir leis na Gráid Chreidiúnaithe do Scoláirí na hArdteistiméireachta in 2021* agus *Treoir do Scoileanna maidir le Marcanna Céatadáin Measta a Sholáthar* sula gcomhlánóidh tú an fhoirm seo.

Comhlánaigh cóip amháin do gach scoláire sa rang.

Ná nocht na marcanna céatadáin measta do na scoláirí agus ná déan do mheastachán ar fheidhmíocht dhóchúil na scoláirí a phlé leo ar bhealach ar bith.

1. Sonraí an Scoláire, an Ábhair agus an Leibhéil

Ainm an scoláire:						
Scrúduimhir an scoláire:						
Ábhar						
Clár			An leibhéal faoi mar a dheimhnigh CSS don scoil é			
ATB	GCAT	ATF	Ardleibhéal	Gnáthleibhéal	Bonnleibhéal	N/B
Ainm an mhúinteora:						
Uimhir rolla na Scoile:						

2. An tEolas ábhartha a breithníodh

Tá an t-eolas ábhartha ar fad a bhí ar fáil dom maidir le leibhéil gnóthachtálacha an scoláire seo san ábhar le linn na sraithe sinsearaí curtha san áireamh agam mar seo a leanas

mo thaithí ar bheith ag obair leis an scoláire sa rang agus caighdeán a c(h)uid tascanna agus a c(h)uid príomhthascanna(ATF)	Tá ☐ ní bhaineann le hábhar ☐
mo thaifid féin ar obair, ar leibhéal gnóthachtála an scoláire	Tá ☐ ní bhaineann le hábhar ☐
marcanna, gráid, agus eolas eile a bhaineann go sonrach le hábhar agus atá ar fáil ar chóras sonraí láraithe na scoile.	Tá ☐ ní bhaineann le hábhar ☐
caighdeán na hoibre a léiríodh in aon obair chúrsa de chuid scrúdú na hArdteistiméireachta a cuireadh i gcrích go hiomlán nó go páirteach	Tá ☐ ní bhaineann le hábhar ☐

Ina theannta sin, agus an marc céatadáin measta a cuireadh isteach á chinneadh agam,

Tá aon mharcanna bónais a bheadh le fáil ag an scoláire as freagairt trí Ghaeilge curtha san áireamh agam.	Tá ☐ ní bhaineann le hábhar ☐
Tá na comhpháirteanna measúnaithe éagsúla curtha san áireamh agam, nuair is infheidhme, i dtaca le comhpháirteanna éagsúla an ábhair, amhail béaltrial, cluastuiscint, comhpháirt scríofa, comhpháirt phraiticiúil agus obair chúrsa	Tá ☐ ní bhaineann le hábhar ☐

Bhunaigh mé mo mheastachán ar an tuiscint go mbeadh aon socrúithe réasúnta a ceadaíodh ar fáil.	Tá ☐ ní bhaineann le hábhar ☐
Tá na comhpháirteanna measúnaithe éagsúla curtha san áireamh agam na coigeartuithe ar na scrúduithe hArdteistiméireachta i 2021	Tá ☐ ní bhaineann le hábhar ☐

3. Marc céatadán measta

Cuir isteach an marc céatadán foriomlán a bhainfidh an scoláire seo amach, dar leat, má dhéanann sé/sí na scrúduithe in 2021, bunaithe ar a leibhéal ghnóthachtála reatha de réir mar a breathnaíodh iad. Ba cheart go léireodh an meastachán feidhmíocht fhoriomlán ilchodach san ábhar, agus go ndéanfaí gach comhpháirt den scrúdú (scríofa, praiticiúil, obair chúrsa, béaltrial, duastuiscint) a bhreithniú i gcomhréir leis an ualú cuí don chomhpháirt sin agus na coigeartuithe ar scrúduithe na hArdteistiméireachta in 2021 á gcur san áireamh.

Marc céatadán measta:	%
-----------------------	---

4. Dearbhú maidir le marc céatadán measta na scoile

Deimhním:

- go ndearna mé gach iarracht réasúnach chun an méid den eolas ábhartha agus ab fhéidir a chur le chéile
- go ndearna mé na sonraí agus mo thaithí ar bheith ag obair leis an scoláire seo a bhreithniú mar is cuí.
- go ndearna mé machnamh ar a mhéad agus a bhain scoláirí eile a theagasc mé gráid Ardteistiméireachta amach, ar gráid iad a bhí ag teacht le mo chuid ionchas
- Bhí mé rannpháirteach sa phróiseas chun ailíniú na gcaighdeán i measc múinteoirí a bhfuil an t-ábhar céanna á theagasc acu sa scoil a dhearbhu
- I ndiaidh na mbreithnithe sin, is ionann an meastachán agus breithiúnas measta gairmiúil na scoile maidir leis an marc céatadán foriomlán arb é an marc é is dóichí a bheidh le fáil ag an scoláire sin má dhéanann sé/sí na scrúduithe coigeartaithe in 2021.

Síniú:	Dáta:
--------	-------

Ní mór an dearbhú thuas a shíniú. Má dhéantar an fhoirm a chomhlánú go digiteach, ní mór í a phriontáil agus a shíniú.

5. Coimhlint leasa

Níor cheart an mhír seo a chomhlánú ach i gcás gur aithníodh coimhlint leasa, bíodh sí braite nó fíor, maidir le marc measta a thabhairt.

Deimhním:

- Go ndearnadh socrúithe atá oiriúnach do na cúinsí, agus
- Gur sholáthair mé maoirseacht bhreise agus gur cheadaigh mé an marc measta.

Síniú:	Príomhoide ☐ Príomhoide	Dáta:
--------	---	-------

	Tánaisteach ☐	
--	--------------------------------------	--

Comhartha Aitheantais Ranga:
Le cur leis ag céim iontáil na sonraí

Foirm B

An Ardteistiméireacht in 2021 – Fíorú Mharcanna Measta an Ranga

Léigh an dá dhoiciméad *Treoir maidir leis na Gráid Chreidiúnaithe do Scoláirí na hArdteistiméireachta in 2021* agus *Treoir do Scoileanna maidir le Marcanna Céatadán Measta a Sholáthar* sula gcomhlánóidh tú an fhoirm seo. Úsáidtear an fhoirm seo chun seiceáil a dhéanamh nár cuireadh beirt scoláirí ar bith atá ag an leibhéal céanna (Ardleibhéal, Gnáthleibhéal, Bonnleibhéal, Comhleibhéal) ar an marc céatadán measta céanna. Ba cheart foirm ar leith a úsáid do gach leibhéal taobh istigh de rang. Níor cheart rang-ghrúpaí don ábhar céanna a chur le chéile. Níor cheart an fhoirm seo a chomhlánú ach amháin nuair atá foirm don mharc céatadán measta (Foirm A) comhlánaithe do gach scoláire.

1. Sonraí an Mhúinteora, an Ábhair agus an leibhéil

Clár:	ATB/GCAT ☐ ATF ☐
Ábhar:	
Leibhéal:	
Ainm an mhúinteora:	
Uimhir rolla na Scoile:	

2. Liosta deimhnithe ranga

Liostaigh na scoláirí go cúramach de réir scrúduimhreach ón gceann is ísle go dtí an ceann is airde Ní mór go mbeadh an marc a chuirtear isteach do gach scoláire ag freagairt don mharc céatadán measta atá ar Fhoirm A don scoláire sin.

Scrúduimhir	Ainm	Marc % Measta

[illegible]

Deimhním:

- Gur sheiceáil mé go bhfuil an marc céatadáin measta a cuireadh isteach thuas ar aon dul leis an luach a cuireadh isteach ar an bhFoirm A chomhfhreagrach don scoláire
- Gur sheiceáil mé nár bronnadh an marc céatadáin céanna ar aon bheirt scoláirí i gcomhréir leis an Treoir do Scoileanna
- Go léiríonn an liosta thuas breithiúnas measta gairmiúil na scoile i dtaca leis an marc céatadáin foriomlán a bhainfidh gach scoláire amach, i dtuairim na scoile, má dhéanann siad na scrúduithe in 2021, bunaithe ar a leibhéil ghnóthachtála reatha de réir mar a breathnaíodh iad.

Síniú:		Dáta:
--------	--	-------

Deimhním:

- Gur sheiceáil mé an t-eolas ar an bhfoirm thuas agus ar gach Foirm A gaolmhar

- Go bhfuil an próiseas a bhaineann le hathbhreithniú a dhéanamh ar na tacair sonraí críochnaithe agus go bhfuil mé sásta go bhfuil an próiseas ailínithe agus, más infheidhme, an t-athbhreithniú curtha i gcrích de mheon macánta agus i gcomhréir leis an *Treoir do Scoileanna*

Síniú:	Príomhoide ☐ Príomhoide Tánaisteach ☐	Dáta:
--------	--	-------